

PLEAN GAEILGE: Scoil Mhuire Maigh Cuilinn

Athbhreithnithe Eanair 2013

Réamhráiteas:

Cuireadh an phlean seo le chéile le go mbeadh scéim leanúnach do Mhúineadh na Gaeilge i bhfeidhm tríd an scoil.

Bunchúiseanna:

- Comhlionann an phlean dualgas dleathach na scoile i dtaobh plean Gaeilge a bheith again mar chuid den Phlean Scoile.
- Is gá go mbeadh tionchar ag an bplean ar fhoghlaim na bpáistí agus éifeacht na teanga. Is treoir é do na Múinteoirí, go háirithe Múimteoirí nua le go mbeadh leanúnachas tríd na scoile i múineadh na teanga.
- Prionsabal Cur Chuige Cumarsáide maidir le múineadh na Gaeilge a leanúint tríd na scoile.
- Tugann sé léargas soiléar do gach múinteoir ar an ábhar atá le múineadh i ngach rang

An Plean i gcomhthéasc na scoile seo:

Tá an scoil suite sa bhreac-gaeltacht, i gceantar Mhaigh Cuilinn. In ainneoin gur ceantar Gaeltachta é seo is beag Gaeilge atá sa phobal agus ní thagann aon pháiste isteach le Gaeilge ón mbaile agus titeann an scoil áit éigin idir scoil T1 agus scoil T2.

Dá bhrí sin, déantar chuile iarracht a chur ar chumas na bpáistí an Ghaeilge a labhairt chomh líofa agus is féidir ag tógáil san áireamh na toscaí éagsúla a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt an pháiste.

Tá béim ar an nGaeilge a úsáid in imeachtaí na scoile i gcomhthéacs neamh fhoirmiúil- teanga caidrimh, orduithe, ag am sosa agus lón agus araile chun cumas cainte agus féin-mhuinín na bpáistí a fhorbairt.

Aidhmeanna:

- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a fhorbairt, go h-áirithe an teanga labhartha agus spéis agus dúil a chothú iontu.
- Go mbaineann na páistí taitneamh as an nGaeilge.
- Úsáid na Gaeilge mar theanga chaidrimh a chur chun cinn.
- Curam a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste.
- Scileanna éisteachta a chothú sna páistí ionas go mbeidh siad in ann an Ghaeilge a thuiscint, labhairt, scríobh agus a léamh.
- Líofacht Cainte a chothú sna páistí.
- Go mbeadh na páistí in ann eolas a eagrú agus a thuiscint ionas go mbeadh siad in ann aistí, liostaí, agallaimh agus scéalta a chumadh.
- Go mbeadh na páistí in ann freagraí nó eolas cruinn a fháil sa teasc léitheoireachta.
- Dánta agus rannta simplí a fhoghlaim.
- Peannaireacht so –léite agus néata a chothú.

Cur Chuige Cumarsáideach

An tuiscint atá againn sa scoil ar chur chuige cumarsáideach ná béim ar an gcumarsáid nadúrtha.

Tá trí thréimhse nó céimeanna ann:

- Réamhchumarsáid
- Cumarsáid

- Iar-chumarsáid

Na Gnéithe Suntasáí Dhe:

- Úsáid a bhaint as áiseanna foghlama, stór focal, agus araile.
- Teanga a bheith úsáideach dóibh ina saol laethuil ag braith cá bhfuil siad, mar shampla beannachtaí
- Tuiscint teangan a bheith acu, mar shampla bheith in ann treoir a leanúint
- Comhtháthú na ceithre shnáithe (éisteacht, labhairt, leitheoireacht, scríbhneoireacht)
- Suim san ábhar atá á phlé
- Go dtógfadh na gasúir seans agus fiú botúin a dhéanamh ó am go chéile.

Tá impleachtaí do ról agus do chleachtas an mhuinteora sa rang.

Féach thíos:

Tréimhse an Cheachta	Saintreithe	Gníomhaíochtaí	Eagar an Ranga	Ról an Mhúinteora
Réamhchumarsáid	Foghlaim foclóra Structúr teanga Gramadach Ag miniú Ag ceistiú	Cluichí 'Ag múineadh' Athrá Aithris Leitheoireacht Éisteacht	An rang mar aonad	Ag múineadh
Cumarsáid	Ag caint Ag comhrá Úsáid na teanga Gasúir gníomhach	Cluichí teanga Drámaíocht Comhrá Ról imirt Scríbhneoireacht	Obair bheirte Grúpobhair An rang mar aonad	Mar éascaitheoir: Ag éisteacht Ag cuidiú Ag tacú Níl an oide ag ceartú
Iar-chumarsáid	Dul siar Ainilís Cleachtadh Dul chun cinn	Cúrsaí gramadaí Litriú Athrá Cleachtadh scríbhneoireacht Dréachtú	Rang mar aonad Rang-ghrúpaí	Ag múineadh

Téamaí, Stráitéisí & Modhanna Múinte:

Is é an cuspóir a bhíonn ag an múinteoir ná go mbeadh na páistí in ann úsáid a bhaint as an nGaeilge chomh minic agus is féidir.

Beidh béim ar an dtrí príomh-shnáthaonad a úsáid tríd na scoile:

1. ag cothú speise

2. ag tuiscint teanga
3. ag úsáid teanga

chomh maith leis na snáitheanna:

éisteacht
labhairt
léitheoireacht
scríbhneoireacht

Na Téamaí

1. Mé Féin:
2. Bia:
3. Sa Bhaile:
4. An Teilifís:
5. Ar Scoil:
6. Eadaí:
7. Caitheamh Aimsire:
8. Siopadóireacht:
9. An Aimsir:
10. Ócáidí Speisialta

Usáidtear réimse leathan Stráitéisí chun na Téamaí agus na Feidhmeanna a mhúineadh-

- ❖ Cluichí Teanga
- ❖ Fiseáin
- ❖ Drámaíocht, agallaimh,
- ❖ Druileanna
- ❖ Scéalaíocht,
- ❖ Filíocht agus araile

Gaeilge Foirmiuil:

Tá na scéimeanna seo a leanas á úsáid in ár scoil:

Bua na Cainte

Sin É

Fuaimeanna agus Focail

Fíorleabhair: Rang 1-V1

Éisteacht:

Tá sé le déanamh go neamhfhoirmiúil trí bheith ag éisteacht leis an múinteoir i rith an lae agus ag éisteacht leis na paistí eile sa seomra ranga.

Tá éisteacht á mhúineadh go foirmiúil trí CD/teip go háirithe iad siúd atá ceangailte leis an scéim Gaeilge, ag éisteacht le hamhráin, rannta, sliochtanna ó Raidió na Gaeltachta, fístéip de chartún ó TG4, aimsir nó nuacht léite trí Ghaeilge.

Tá muid in ann cluichí éisteachta a mhúineadh trí Ghaeilge díreach cosúil leis na cluichí atá a imirt I mBearla (Deireann Ó Grádaigh, feicim rud le mo shúilín beag agus araile)

Dánta agus amhráin

Labhairt:

Ábhar & Modheolaíocht:

Caidreamh a dhéanamh sa rang agus sa scoil go ginearálta.

- Feidhmeanna Teanga-- Féach Aguisín 1
- Tá forbairt déanta ar na feidhmeanna agus tá siad curtha in oiriúnt don scoil seo agus do riachtanais na scoile. Múintear na Feidhmeanna Teanga mar chuid den Churriculum Gaeilge agus i gcaint neamhfhoirmiúil sa rang agus sa scoil fré chéile
- Usáidtear réimse leathan, cuimsitheach módhanna múinte i.e. cluichí teanga, rannta, amhráin, scéalta, éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus araile chun líofacht Ghaeilge a fhorbairt agus saibhreas na Gaeilge a neartú.

Gaeilge Neamhfhoirmiúil:

- Déanfar chuile iarracht an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae agus é a fhí isteach in imeachtaí na scoile m.sh, am rolla, sos/lón, orduithe,- “Anseo a mhúinteoir- nó As láthair” féach Aguisín 2
- Cloistear na múinteoiri ag labhairt eatarthu féin i nGaeilge agus leis na páistí, tuismitheoirí nó cuairteoirí.
- Beidh fograí agus neart prionta i dtimpeallacht na scoile

- Frása na seachtaine- Aguisín 3

Léitheoireacht

Eisteacht agus labhairt na Gaeilge atá mar bhunús don léamh.

Tosaíonn an léitheoireacht foirmiúil i Rang a Dó- nó nuair atá na páistí réidh.

Tús na léitheoireachta i Rang a hAon, Aguisín 4

Ullmhúchán don Léitheoireacht (Rang na Naíonáin go dtí Rang 1):

- Múintear go neamh-foirmiúil sna bun-ranganna trí súgradh, rannta, foclóir, gníomhaíochtaí réamh-léitheoireachta, cluichí agus araile.
- Léann an múinteoir scéal as Gaeilge dóibh go rialta. Tá na leabhair seo fágtha sa leabharlann sa seomra ranga agus tá na páistí in ann na leabhair seo a lámhseáil iad féin.
- Tosaítear le meaitseáil focal agus pictiúr agus ansin ar aghaidh go dtí frásaí agus abairtí agus fíorleabhair ag tógáil Gaeilge neamh-foirimiúil san áireamh.
- Scríobhann siad a leabhair féin le pictiúr agus focal amháin ar gach leathanach, ag leanúint ar aghaidh go dtí abairt mar shampla ‘Is maith liom ...’ le deireadh nua ar gach leathanach.
- Bíonn luaschártaí timpeall na scoile chomh maith agus bíonn na páistí ag léamh iad agus ag féachaint orthu go neamhfhoirmiúil. Tá na luaschártaí seo úsáideach chomh maith nuair a thosaíonn siad leis an léitheoireacht/scríbhneoireacht.
- Tá cairt na haimsire athraithe agus léite chuile lá, tá an foclóir céanna in úsáid i rith na bliana.
- Nuair a scríobhann muid an nuacht ar an gclár dubh tá na páistí sásta é a léamh. Arís bíonn an foclóir céanna in úsáid ó lá go lá.

Forbairt na Léitheoireachta (Rang 1-Rang 6)

- Sna h-ard-ranganna bíonn neart prionta sa timpeallacht, rialacha gramadaigh le feiceáil ar na ballaí, sean-fhocail, nathanna cainte, fograí agus araile sa seomra ranga.
- Tosaíonn an léitheoireacht foirmiúil i Rang 2,.
- Tá seans ag na paistí laga na leathanaigh is éasca a léamh agus faigheann siad muinín as an léitheoireacht sin.

- Bíonn ‘paired reading’ in úsáid chomh maith, paistí ag léamh i mbeirteanna agus ag tabhairt cúnamh dá chéile. Is féidir na beirteanna seo a dhéanamh le páistí sa rang-ghrúpa céanna nó páiste i rang 6 ag obair le páiste i rang sóisearach agus araile.
- Tá an léitheoireacht bunaithe ar na téamaí, agus is féidir leis na páistí a scéalta féin a scríobh bunaithe ar théama na míosa. Nuair atá na scéalta ceartaithe ag an múinteoir is féidir leis na páistí iad a fhoilsiú agus iad a scaipeadh ar a chéile.
- Chun spraoi a bhaint as an léitheoireacht is féidir scéal a ghearradh suas agus tá ar ghrúpa é a léamh agus é a chur ar ais san ord cheart.

Straitéisí do pháistí atá lag agus iad ag léamh:

- Fanann siad ar an leabhar céanna más féidir leo ar chor ar bith
- Níl an méid léitheoireachta le déanamh acu sa mbaile is atá ag na páistí eile
- Páiste atá an-lag, is féidir príomhfhocail a phiocadh amach dóibh le léamh, nó dán atá ar fhoghlaim acu le léamh chun a fhéinmhuinín a ardú.
- Páistí ag léamh i ngrúpaí.

Ábhair éagsúla léitheoireachta:

- Liosta
- Crosfhocail
- Torfhocail
- Scéal
- Alt
- Aiste
- Cairt

- Luaschartaí
- Nuacht
- Aimsir
- Teletext

Scríbhneoireacht:

- Socróidh an múinteoir cén uair a thosófar ar an scríbhneoireacht ach go h-iondúil go foirmeáilte, tar éis an léitheoireacht, i rang a dó agus ar ndóigh ag braith ar chumas an pháistí.
- Bíonn tús na scríobhnóireachta ann I Rang a 1 mar ullmhúchán don scríobhnóireacht i rang 2
- Tarraingíonn na páistí pictiúr agus scríobhann siad an focal faoi.
- Ar aghaidh leo ag scríobh abairt le deireadh difriúla mar shampla ‘Is maith liom ...’ agus faigheann siad taithí leis an abairt céanna.
- Faoi láthair tá Sin É agus Fuaimanna agus Focail in úsáid .
- Bíonn béim ar an ngramadach sna h-ard-ranganna.
- Féach ar ‘léitheoireacht’ thuas mar tá scríbhneoireacht agus léitheoireacht an-chosúil le chéile
- Na bunrialacha a mbaineann le peannaireacht, tá siad ar fáil sa bplean Béarla.
- De ghnáth bíonn tasc scríbhneoireachta le déanamh gach lá agus uaireanta bíonn an obair seo le críochnú sa mbaile
- Agus múinteoirí ag ceartú na scríbhneoireacht tá béim ar fhéinmhuinín agus ní bhíonn gach botún á cheartú. Tá na bunfhocail le ceartú, focail go mba chóir a bheith ar eolas nó focail coitianta a bheidh úsáideach as seo amach. Tá sé tábhachtach go dtuigeann na tuismitheoirí an fealsúnacht seo.

Ábhair éagsúla scríbhneoireachta:

- Liostaí
- Ailt
- Líon na bearnaí
- Abairtí
- Litir
- Cuireadh
- Biachlár

- Crosfhocal
- Torfhocail
- Aiste
- Scéal

Litriú:

- Úsáidimid an leabhar Fuaimeanna agus Focail ó rang 2-6.
- Chuile Dé h-Aoine bíonn scrúdú ar Litriú na seachtaine.

Bainfear úsáid as go leor gníomhaíochtaí, cluichí mar atá luaite sa phlean seo chun na cuspóirí foghlama a chomhlíonadh.

Filíocht, Rannta, agus amhráin:

Tuigeann muid tabhacht na filíochta, na rannta agus na hamhráin mar áis teagaisc agus déanann muid iarracht iad a úsáid chun cur le saibhreas teangan na bpáistí.

Nuair atá filíocht á mhúineadh againn tá béim ar:

- Taitneamh a bhaint as an dán
- Foclóir nua a mhúineadh nó athdhéanamh air
- Eachtra a tharla do pháiste (leanbh nua sa teach, peata nua 7rl.)
- Úsáid na téamaí

Ní bhíonn dán le foghlaim de ghlanmheabhar i gcónaí.

Comhtháthú na scileanna (éisteacht, labhairt, léitheoireacht & scríbhneoireacht):

- ❖ Sa scoil seo cuirtear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearacht. Déanfaimid iarracht éisteacht / labhairt / léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite mar go bhfuil siad uilig fite fuaite le chéile.

Is féidir é sin a dhéanamh trí na gníomhaíochtaí atá luaite faoi na snáitheanna san ábhar teagaisc mar go meascann siad na scileanna teanga.

Áiseanna:

Leabhra scoile: Sraith Léitheoireachta

Fíorleabhair

Ríomhaire

Muzzy agus Muzzy Arís

Osteilgeoir

Modh an Aoibhnis

Clár bán

An Leabharlann

Puipéid & Bréagáin

Téipeanna

TG4

An idirlíon

Fiseáin

Raidio na Gaeltachta

Cairteanna

Éagsúlacht Cumais:

Déantar gach iarracht n t-ábhar a roghnú de réir ráta foghlama an pháiste, ag tógáil san áireamh ilchumais na bpáistí agus go bhfuil muid ag múineadh i scoil sa BhreacGhaeltacht . Féach chomh maith ar na straitéisí atá luaite faoi na snáitheanna.

Ceanglaítear é leis na habhair eile chomh minic agus is féidir.

Obair Bhaile:

Tugtar obair bhaile go rialta

Rang na Naíonáin-Rang a Dó :

Rang a Trí go Rang a Sé:

Bua na Cainte

Léamh

Filíocht/Rannta

Litriú

Scribhneoireacht-/ Leabhar Oibre

Filíocht

Comhthaáthú le habhair eile:

Ceanglaítear é leis na habhair eile chomh minic agus is féidir.

Mar shampla tá deis í a chomhtháthu le:

Corp-oideachas .

Drámaíocht

Ealaín

Measúnú agus Coinneáil Cuntais

Na príomhrudaí atá le meas ná:

- Ábaltacht (le héisteacht, labhairt, scríbhneoireacht, léitheoireacht)
- Cruinneas
- Taitneamh
- Líofacht
- Forbairt scileanna

Modhanna:

- ◆ Measúnú an mhúinteora ar an bpáistí go neamh-fhoirmiúil sa rang go h-airithe dír-bhreithniú an mhúinteora.
- ◆ Tascanna & trialacha deartha ag an mhúinteoir.

Cur i bhfeidhm an phlean:

Táimid tar éis ath-bhreithniú a dhéanamh ar an bplean agus dá bhrí sin cuirfear an phlean os comhair an Bhoird Bainistíochta chun aon athraithe a dhéanamh agus é a dhaingniú roimh an 3ú tearma 2012-2013. Beidh sé de dhualgas ar an bpríomhoide agus ar an a chinntiú go ndéanfaidh na h-athraithe a mholtar roimh é a dhaingniú. Cuireann foireann na scoile an phlean i bhfeidhm. gcomhordnaitheoir

Dualgas: An príomhoide Sprioc ama: An 3ú tearma 2012-2013

Athbhreithniú ar an bplean:

Déanfar ath-bhreithniú ar an bplean taréis trí- bhliana le fail amach an bhfuil sé ag obair agus oiriúnach don scoil.

- ◆ Dír-bhreithniú an mhúinteora
- ◆ Tascanna & trialacha deartha ag an múinteoir
- ◆ Obair & tionscnaimh na páistí